

# Eleathanach234

Dé Luain 16 Bealtaine 2016

## Cúrsaí sacair: Corn FA na mBan

Bhí an cluiche ceannais de Chorn FA na mBan ar siúl Dé Sathairn i staidiam Wembley. Bhí Arsenal ag imirt i gcoinne Chelsea. Bhí slua de 32,912 i láthair chun an cluiche a fheiceáil.

Fuair Danielle Carter cúl tar éis 18 nóiméad agus bhí Arsenal chun tosaigh ansin. Níor éirigh le Chelsea aon chúl a aimsiú, mar sin chríochnaigh an cluiche leis an scór Arsenal 1; Chelsea 0.

Bhuaigh Arsenal an comórtas seo 14 uair anois. Bhí áthas an domhain ar an gcaptaen, Kelly Smith. Dúirt sí gur imir an fhoireann go han-mhaith don chluiche ar fad.



## Britain's Got Talent (BGT 2016)

Tá na trialacha fós ar siúl i BGT 2016 agus tá seachtain amháin eile fágtha. Bhí cailín agus a máthair ar an gclár Dé Sathairn agus thaitin siad go mór le Simon Cowell agus na moltóirí eile.


Cúpla seachtain ó shin bhí cór ó Mheánscoil na Toirbhirte i gCill Chainnigh ar an gclár. Bhí siad ar fheabhas ar fad agus beidh siad sna cláir bheo i gceann cúpla seachtain.

## Scannán sa phictiúrlann: Angry Birds Movie

Sa phictiúrlann tá scannán atá bunaithe ar an gcluiche cáiliúil *Angry Birds*. Insíonn an scannán an scéal faoin éan Red agus na rudaí a tharlaíonn dó.

Tá rud éigin ag tarlú d'uibheacha na n-éan. Tá na muca ag goid na n-uibheacha. Tuigean *Red* go bhfuil na muca freagrach agus déanann sé iarracht an fhadhb a réiteach leis na héin eile.

Tá baint ag Éireannach leis an scannán. Is é Fergal Reilly comhstiúrthóir an scannáin. Bhí baint aige le scannáin eile, *Cloudy with a Chance of Meatballs* agus *The Iron Giant*.



## Comórtas Eurofíse 2016

Bhí an comórtas Eurofíse ar siúl sa tSualainn an tseachtain seo caite. Bhí na babhtaí leathceannais ar siúl Dé Máirt agus Déardaoin. Chan Nicky Byrne an t-amhrán 'Sunlight' sa bhabhta leathceannais Déardaoin. Ní bhfuair sé go leor vótaí chun áit a fháil sa bhabhta ceannais Dé Sathairn.

Bhí 26 amhránaí ar an ardán Dé Sathairn, ag canadh chun an comórtas Eurofíse 2016 a bhuan. Bhí dhá chuid den vótáil ann. Ar dtús fuair siad na vótaí ó na giúiréithe i ngach tír. Tar éis na vótaí sin a fháil bhí an Astráil sa chéad áit. Níl an Astráil san Eoraip ach bhí siad páirteach sa chomórtas i mbliana mar aoi speisialta.

Ach ansin d'fhogair siad na vótaí ón bpobal i ngach tír agus léim an Ucráin isteach sa chéad áit. Chan Jamala an t-amhrán don Ucráin. Bhí an Astráil sa dara háit agus an Rúis sa tríú háit.

